ⓘX8@ www.gayhealthnetwork.ie

Gnéas níos sábháilte, Tástáil VEID, Sifilis, GGT agus eolas maidir le PEP sa Teanga seo d'Fhir a mbíonn Gnéas acu le Fir

Frídíní Grá

Leabhrán Eolais maidir le Galair Ghnéas-Traschurtha (GGT) d'Fhir Bhána agus Déghnéasacha

Foilsithe ag an nGréasán Sláinte Bán (Éire) 2005

Is cuid thábhachtach den saol é do an-chuid fir bhána, déghnéasacha agus fir eile a mbíonn gnéas acu le fir eile, gnéas taithneamhach agus sláintiúil a bheith acu.

Is eolas suas chun dáta é seo maidir le galair gnéas-tarchurtha (GGT), seachas an VEID, atá le fáil go minic i measc na bhfear bán agus na bhfear déghnéasach. Tá eolas ann maidir le hairíonna na GGT agus conas bac a chur orthu, an tábhacht a bhaineann le scrúdú sláinte rialta a fháil ag clinic GGT nó clinic leigihis úraigintiúil, chomh maith le comhairle maidir le cad iad na céimeanna gur chóir glacadh más dóigh leat go bhfuil GGT tolgtha agat. Don chuid is mó is furasta cóir leighis a chur ar GGT agus iad a leigheas má dhéantar diagnóisiú orthu go luath.

Cad iad GGT?

Is é atá sna galair ghnéas-traschurtha ná réimse ionfhabhtuithe gur féidir a scaipeadh go furasta le linn teagmhála gnéis. Baictéir, víris atá san fhuil, sa seamhan, i sreabháin na faighne, sa seile nó atá ar an gcraiceann is cúis leo. Is féidir GGT a scaipeadh ón; mbod, ón anas, ón bhfaighean nó ón mbéal, trí teagmháil craicne nó trí méara, lámha nó bréagáin gnéis a roinnt.

Is tábhachtach an rud é diagnóisiú a dhéanamh agus cóir leighis a fháil go luath mar is féidir leis na GGT buandochar trom a dhéanamh nó i gcásanna eisceachtúla do bheatha a chur i mbaol go fiú.

+ I measc na GGT tá;

- Faithní san achar ginitiúil
- Candidiasis (Truis)
- Claimaidia
- Gonairith
- Herpes
- Heipitíteas A, B agus C
- Lymphogranuloma Venereum (LGV)
- Molluscum Contagiosum
- Úiréidríteas neamhshainiúil
- Míolta Púbasacha
- Scaibéis
- Sifilis

+ Cad iad na hairíonna a bhaineann le GGT?

Cuimhnigh nach gá go mbeadh airíonna agat ach go mbeadh GGT ort mar sin féin. Ní féidir diagnóisiú a dhéanamh ar aon cheann de na hionfhabtaithe seo ach trí scagthástáil.
Is féidir áfach go mbeadh réimse leathan airíonna bainteach le GGT. Áirítear i measc na n-airíonna sin:
Sileadh ó do phéineas nó ó d'anas
Pian i mbun fuail
Pian nó míchompórd san anas / reicteam
Fuil i do chuid caca
Liathróidí ata (úiríocha)
Cneácha (othrais/cloig) nó fáis ar / timpeall ar do phéineas nó d'anas
Grís
Tochas nó greannú sa phéineas nó san anas
Cneácha/othrais/cloig sa bhéal nó timpeall ar an mbéal

Faireoga limfe ata agus athlasta sa bhléin
Faireoga limfe ata sa mhuinéal nó san ascaill
Scornach tinn
Fiabhras agus tinneas

Má thugann tú aon cheann de na hairíonna sin faoi ndeara nó más dóigh leat gur ionfhabhtaíodh thú ba chóir duit dul i dteagmháil le do chlinic GGT nó le do dhochtúir láithreach. A luaithe a ndéantar cóir leighis ar na hionfhabhtaithe is ea is lú an baol go scaipfidh tú an ionfhabhtú nó go mbeidh fadhbanna tromchúiseacha agat amach anseo.

+ Cé tá i mbaol?

Más rud é go bhfuil tú gníomhach go gnéasach tá tú i mbaol GGT a tholgadh. A mhéid páirtithe a bhíonn agat is ea is mó an baol go dtiocfaidh tú i dteagmháil le duine éigin a bhfuil GGT orthu. Moltar do gach fear bán agus déghnéasach atá gníomhach go gnéasach scagthástáil rialta a bheith acu gach sé mhí.

+ Cad iad na nithe a chuireann i mbaol mé?

Is fusa go ginearálta GGT a scaipeadh ná an VEID. Dá bhrí sin tá roinnt gnásanna ann a bhféadfaí cur síos a dhéanamh orthu go raibh siad 'sábháilte' ó thaobh an VEID de ach go m'bhféidir go mbeadh siad baolach maidir le tolgadh GGT eile de. Scaiptear GGT don chuid is mó trí teagmháil ghinitiúil neamhchosanta (péineas go péineas, péineas go anas, gnéas béil – péineas go béal, béal go faighean; agus 'rimming' – béal go anas). Scaiptear roinnt GGT trí méara, lámha nó bréagáin gnéis a chomhroinnt.

Cad iad na hairíonna a thagann le GGT?

Tá forbhreathnú ar fáil sa tábla a leanas ar na hairíonna agus an cóir leighis a bhaineann le GGT.

+ Conas ar féidir liom ionfhabhtú a sheachaint?

Má tá tú gníomhach go gnéasach níl aon slí cinnte aon cheann de na GGT a sheachaint. Mar sin féin cabhróidh na pointí seo a leanas leat laghdú suntasach a dhéanamh ar an an seans go bhfaighfidh tú GGT:

1. Leas a bhaint as coiscín le linn comhriachtana tóna nó faighne (go háirithe maidir le Sifilis, Gonairith, Claimaidia, LGV, Úiréidríteas neamhshainiúil agus Heipitíteas).
2. Leas a bhaint i gcónaí as bealadh atá uisce nó siliceanbhunach (leithéidí Wet Stuff, ID Glide, KY Gel) os rud é go ndéanfaidh bealaí atá olabhunach (m.sh Vasailín) dochar don choiscín.
3. Leas a bhaint as coiscíní faoi bhlaistiú le haghaidh gnéis béil (go háirithe maidir le Sifilis, Gonairith, Claimaidia, LGV, Úiréidríteas neamhshainiúil agus Heipitíteas). Nóta: Tá snas / balsam béil olabhunach agus dá bhrí sin is féidir leo dochar a dhéanamh do choiscíní.
4. Leas a bhaint as dambaí béil mar bhac le linn 'rimming' (níl i gceist le damba béil ach cearnóg laitéise).
5. Déan iarracht gan dul i dteagmháil le leachtanna corp cosúil le seamhan, réamh-sheamhan, cac, fual nó cneácha le linn teagmháil gnéis.
6. Ná comhroinn méara, lámha nó bréagáin gnéis, creathadóirí srl (bain leas as láimhíní laitéise nó as coiscíní).
7. Ba chóir duit imdhíonú a fháil i gcoinne Heipitíteas A + B; ba chóir go mbeadh an tseirbhís seo ar fáil saor in aisce ó do chlinic GUM/GGT, nó ó do dhochtúir teaghlaigh faoin scéim chárta leighis nó má íocann tú as

Nóta: D'dhéadfadh sé cur isteach ar d'acmhainn cinntí a ghlacadh má bhaineann tú leas as alcól nó drugaí agus dá réir go nglacfá le baol nach nglacfá leis dá mbeifeá stuama.

+ Cad mar gheall ar an VEID agus GGT?

Tá sé tábhachtach do gach fear atá gníomhach go gnéasach ionfhabhtú GGT a sheachaint. Tá sé i bhfad níos tábhachtaí fós d'fhir atá VEID dearfach ós rud é go m'bhféidir go bhfuil dochar déanta cheana dá gcóras imdhíonachta agus go mbeadh tionchar i bhfad níos measa ag roinnt GGT ina gás siúd agus go mbeadh sé níos deacra iad a chuir faoi chóir leighis. Tá fianaise láidir ann a thugann le fios ma ta tú VEID diúltach agus go bhfuil GGT agat nach bhfuair cóir leighis, go bhféadfadh sé bheith níos éascaí duit an VEID a tholgadh ó do pháirtí gnéis.

+ Heipitíteas A & B & C

Is víris iad seo gur féidir leo dochar a dhéanamh don ae. Bíonn se deacair ar uaireamh na hairíonna a aithint agus tá réimse daoibh ann; mar shampla, gan airíonna ar bith a bheith ann go dtí tinneas éadrom amhail fliú go tuirse trom go dtí buíochán. Tá sé ámharach mar sin gur féidir bac a chur le ionfhabhtú le Heipitíteas A & B trí vacsainiú a dhéanamh. Is féidir é seo a fhail saor in aisce ag an gClinic GMHP nó ag do chlinic GGT/Gum áitiúil. Cuimhnigh go gcaithfidh tú an cúrsa iomlán insteallaithe a chríochnú chun cosaint iomlán a fháil.

Samhlaítear Heipitíteas C le fuil agus is féidir é a tholgadh trí chomhroinnt; gach cineál fearas insteallta drugaí, fearas cuachála (tuíthe/páipéir fillte), fearas neamhsteiriúil a bhaintear leas as do tatúnna, corp-pholladh, nó cneaspholladh agus comhroinnt rásúr nó scuaba fiacla.

Ní scaiptear Heipitíteas C trí ghnéas ach amháin má tá fuil i láthair. Áirítear i measc na ngíomhaíochtaí seo leithéidí gnéas garbh, comhroinnt bréagán gnéis, lámha/dorna. Féadfar é a scaipeadh trí ghnéas tóna nó faighne treáiteach ach ní tharlaíonn sé sin chomh minic. Má tá an VEID nó GGT eile agat cuireanna sé sin leis an mbaol go dtolgfaidh tú Heipitíteas C.

+ Cad a dhéanfaidh mé thógaim GGT?

Ar an gcéad dul síos, ná bíodh anbhá ort! Is feidir an chuid is mó de na GGT a chuir faoi chóir leighis agus iad a leigheas go héascaí. A luaithe a théann tú faoi chóir leighis is ea is lú an seans go mbeidh aon aimhréidh ann. Molfaimid duit tástáil a dhéanamh ag an gClinic GGT is cóngaraí duit nó ag dochtúir atá in ann na tástálacha a dhéanamh.

+ Cad a tharlaíonn ag an gClinic?

Táirgeann Clinicí Galair Ghnéas-Traschurtha nó Leighis Úraiginitiúil (Clinicí GGT/GUM) seirbhís saor in aisce agus rúnda. Caithfidh tú coinne a dhénamh le roinnt clinicí agus is féidir bualadh isteach gan choinne go roinnt eile. Cinntigh cén córas ata i bhfeidhm sula théann tú ar chuairt acu. Labhairfidh dochtúir nó oibrí cúram sláinte leat tar éis duit clárú, maidir le do bhaol ionfhabhtuithe agus do chuid airíonna más ann dóibh. Ina dhiaidh sin, más gá, déanfaidh an dochtúir na tástálacha cuí a eagrú.

+ Cén cineál tástálacha a ndéantar le haghaidh GGT?

Glacfar maipíní ón bpéineas, ón anas agus ón mbéal d'fhonn tástáil a dheanamh d'ionfhabhtaithe baictéaracha cosúil le Gonairith agus Úiréidríteas neamhshainiúil.
Glacfar sampla fola ó do ghéag chun tástáil a dhéanamh do Sifilis agus do Heipitíteas.
Iarrfar ort sampla fuala a thabhairt chun tástáil a dhéanamh do Chlaimaidia. D'fhéadfaí go nglacfaí maipíní chomh maith ó cneácha chun tástáil a dhéanamh do Herpes, Sifilis nó LGV.
(Tairgeann mórchuid na gclinicí tástáil VEID mar chuid den ghnáth-scagthástáil. Molfaimid duit labhairt

le comhairleoir roimhré. Muna theastaíonn uait an tástáil do VEID a dhéanamh ba chóir duit é seo a dhéanmah soiléir don dochtúir roimhré). Leigh "Ar an Eolas" maidir le tástáil VEID

Cad a tharlóidh má tá GGT orm?

Má fhaigheann tú toradh dearfach ar thástáil le haghaidh GGT (Sifilis, Gonairith, Claimaidia, Úiréidríteas neamhshainiúil nó LGV) tabharfar cúrsa antaibheathach duit. Tá ungthaí agus cóir leighis eile ar fáil dó Herpes, Balanitis nó faithní (má bhíonn toradh dearfach ann i leith Heipitítis nó an VEID seolfar ag lia comhairleach thú ionas gur féidir cúram leantach a thabhairt duit).

Tabhairfaidh Dochtúir nó Comhairleoir Sláinte spreagadh duit insint d'aon pháirtí / pháirtithe reatha nó úrnua mar gheall ar d'ionfhabhtú ionas gur féidir leo tástáil a dhéanamh agus cóir leighis a fháil más gá. Cuimhnigh go bhféadfadh ionfhabhtú a bheith orthu agus nach mbeidís ar an eolas faoi. Má bhfuair tú toradh dearfach nuair a rinne tú tástáil le haghaidh GGT ba chóir duit gnéas a sheachaint go dtí go mbeidh biseach ort agus go mbeidh an t-ionfhabhtú leigheasta. Socróidh an dochtúir cuairt leantach i gcás roinnt GGT agus cóir leighis chun a chinntiú go bhfuil an t-ionfhabhtú go hiomlán leigheasta.

+ Cé a bheidh in ann teacht ar eolas fúm sa chlinic?

Coimeádtar an t-eolas go léir mar gheall ort faoi rún ag an gclinic agus ní féidir le héinne ach foireann an chlinic teacht air. Má théann tú faoi chóir leighis do dhochtúra teaghlaigh féin is féidir go mbainfí leas as an eolas i gcomhlíonadh foirm árachais.

Is galair infhógartha atá i roinnt GGT. Má tá ionfhabhtú agat, cuir ceist cad iad na gnásanna a bhaintear leas astu chun tuairisciú a dhéanamh air.

Má tá tuilleadh eolais uait maidir le tástáil VEID, scaipeadh agus saincheisteanna sláinte eile a bhaineann le fir bhána agus déghnéasacha féach ar an réimse foilseachán ag an nGréasán Sláinte Bán atá ar fáil ar an suíomh idirlín seo.